

Úsáid na seicliostaí thíos le cinntiú go bhfuil d'iarratas comhlánaithe sula seolfaidh tú ar ais é.

Ar smaoinigh tú ar iarratas a dhéanamh ar do chárta tiománaí ar líne? tá sé níos tapúla agus d'fhéadfá **€15 a choigilt**. Féach ar www.rsa.ie chun sonraí iomlána a fháil.

LE HAGHAIDH IARRATAIS CHÉADUAIRE

Déan tic ✓ le deimhniú go bhfuil d'iarratas comhlánaithe, le do thoil.

- Comhlánaigh codanna **1, 2, 3, 4, 6, 7** agus **9** le BLOCLITREACHA agus le dúch **dubh**. Cuimhnigh ar an Dearbhú ag Cuid **7** a shíniú.
- Fótachóip shoiléir de thosach agus cúl ceadúnas tiomána bailí.
- Fótachóip shoiléir de phas bailí nó de theastas breithe.
- Íocaíocht €60. Líon isteach sonraí do chárta dochair nó do chárta creidmheasa i gCuid **9** den fhoirm seo. **Ní ghlactar** le hairgead tirim, le horduithe poist, le seiceanna ná le dréacht bainc mar mhodh íocaíochta.
- Grianghraf ar aon mhéid le grianghraf pas (fianaithe ag Garda agus a shíniú/síniú ar a chúl) – féach codanna **6** agus **7**. Ba chóir gur cúlra pléineáilte bán nó liath a bheith ar an ngrianghraf.
- Má tá ceadúnas tiomána agat nár eisíodh in Éirinn ach a eisíodh san AE, seol isteach cruthúnas cónaithe – féach **Cruthúnas cónaithe** ar leathanach 2.

LE HAGHAIDH ATHNUACHAN DO CHÁRTA TIOMÁNAÍ

Déan tic ✓ le deimhniú go bhfuil d'iarratas comhlánaithe, le do thoil.

- Comhlánaigh codanna **1, 2, 3, 4, 7** agus **9** le BLOCLITREACHA agus le dúch **dubh**. Cuimhnigh ar an Dearbhú ag Cuid **7** a shíniú.
- Más mian leat do ghrianghraf a athrú, seol isteach grianghraf nua ar aon mhéid le grianghraf pas (a bhfuil síniú Garda déanta ar a chúl) agus iarr ar an nGarda cuid **6** den fhoirm iarratais seo a chomhlánú. Ba chóir gur cúlra pléineáilte bán nó liath a bheith ar an ngrianghraf.
- Íocaíocht €60. Líon isteach sonraí do chárta dochair nó do chárta creidmheasa i gCuid **9** den fhoirm seo. **Ní ghlactar** le hairgead tirim, le horduithe poist, le seiceanna ná le dréacht bainc mar mhodh íocaíochta.
- Má tá ceadúnas tiomána agat nár eisíodh in Éirinn, ach a bhaineann le tír eile san AE, ní mór duit fótachóip de do cheadúnas tiomána bailí agus cruthúnas cónaithe a sheoladh isteach – féach **Cruthúnas fianaise** ar leathanach 2.

LE HAGHAIDH ATHSHOLÁTHAR DO CHÁRTA TIOMÁNAÍ

Déan tic ✓ le deimhniú go bhfuil d'iarratas comhlánaithe, le do thoil.

- Comhlánaigh codanna **1, 2, 3, 4, 5, 7** agus **9** le BLOCLITREACHA agus le dúch **dubh**. Cuimhnigh ar an Dearbhú ag Cuid **7** a shíniú.
- Má tá ceadúnas tiomána agat nár eisíodh in Éirinn, ach a bhaineann le tír eile san AE, ní mór duit fótachóip de do cheadúnas tiomána bailí a sheoladh isteach.
- Íocaíocht €60. Líon isteach sonraí do chárta dochair nó do chárta creidmheasa i gCuid **9** den fhoirm seo. **Ní ghlactar** le hairgead tirim, le horduithe poist, le seiceanna ná le dréacht bainc mar mhodh íocaíochta.
- Má chaill tú an cárta a bhí agat, nó má goideadh é, cuir an tuairisc Garda a bhfuil tagairt di i gcuid **5 (A)** ar fáil, le do thoil.
- Má rinneadh dochar don chárta atá agat cheana nó má tá sé ag mífhaidhmiú, cuir an cárta i gceangal agus tabhair mionsonraí i gcuid **5 (B)**.

LE HAGHAIDH MALARTÚ CÁRTA TIOMÁNAÍ BAILÍ ATÁ ANN CHEANA

Déan tic ✓ le deimhniú go bhfuil d'iarratas comhlánaithe, le do thoil.

- Comhlánaigh codanna **1, 2, 3, 4, 6, 7, 8** agus **9** le BLOCLITREACHA agus le dúch **dubh**. Cuimhnigh ar an Dearbhú ag cuid **7** a shíniú.
- Fótachóip shoiléir de thosach agus cúl ceadúnas tiomána bailí.
- Fótachóip shoiléir de phas bailí nó de theastas breithe.
- Íocaíocht €60. Líon isteach sonraí do chárta dochair nó do chárta creidmheasa i gCuid **9** den fhoirm seo. **Ní ghlactar** le hairgead tirim, le horduithe poist, le seiceanna ná le dréacht bainc mar mhodh íocaíochta.
- Grianghraf ar aon mhéid le grianghraf pas (a bhfuil síniú Garda ar a chúl) – féach cuid **6** agus **7**. Ba chóir gur cúlra pléineáilte bán nó liath a bheith ar an ngrianghraf.
- Má tá ceadúnas agat nár eisíodh in Éirinn, ach a bhaineann le tír eile san AE, seol isteach cruthúnas cónaithe – féach **Cruthúnas cónaithe** ar leathanach 2.

Féach ar leathanach 2 chun tuilleadh eolais a fháil faoi d'iarratas agus chun sonraí a fháil faoin áit ar chóir é a sheoladh chuici. 

Cruthúnas cónaithe

Ní mór duit cruthúnas cónaithe a chur ar fáil sna cásanna seo a leanas:

- Tá ceadúnas tiomána agat de chuid an AE, ach nár eisíodh in Éirinn; nó
- Tá iarratas á dhéanamh agat ar athnuachan Cárta Tiománaí Éireannach atá ann cheana agus tá ceadúnas tiomána agat de chuid an AE, ach nár eisíodh in Éirinn.

D'fhéadfadh fótachóip de na nithe seo a leanas a bheith mar chruthúnas cónaithe:

- Litir PPSN a sheol an Roinn Coimirce Sóisialaí chugat chuig do sheoladh reatha agus gan an dáta uirthi a bheith níos faide siar ná trí mhí ó rinne tú d'iarratas; nó
- Bille fónais (leictreachas, gás nó fón) nó ráiteas bainc a eisíodh duit ag an seoladh atá agat faoi láthair agus a dátaíodh taobh istigh de thrí mhí ó sheoladh isteach d'iarratais.

Grianghraf a sholáthar

Má tá iarratas á dhéanamh agat ar do **chéad Chárta Tiománaí Tacagraif Dhigitigh**, ní mór duit grianghraf atá ar aon mhéid le grianghraf pas a bhfuil síniú Garda air agus a raibh an Garda mar fhinné air a chur ar fáil. Ní mór don Gharda a bheith mar fhinné agat nuair a shíniú tú é chomh maith – féach codanna 7 agus 8 den fhoirm seo. Ní mór don Gharda stampa a chur ar an bhfoirm le stampa an stáisiúin agus ní mór dó seo a bheith dátaithe taobh istigh de thrí mhí ó sheoladh isteach d'iarratais. Ba chóir gur cúlra pléineáilte bán nó liath a bheith ar an ngrianghraf.

Nuair atá Cárta Tiománaí atá ann cheana á **athnuachan** nó **athsholáthar** agat, ní gá duit grianghraf nua a sholáthar, ach tá cead agat a leithéid a dhéanamh, más mian leat. Ní mór don ghrianghraf a bheith ar aon mhéid le grianghraf pas, ba chóir gur cúlra pléineáilte bán nó liath a bheadh i gceist, agus ní mór do Gharda a chúl a shíniú agus a bheith mar fhinné air – féach codanna 7 agus 8 den fhoirm seo. Cuirfear an grianghraf nua a chuirfidh tú ar fáil in áit an chinn atá á choinneáil i do chomhad agus atá ar taispeáint ar do Chárta Tiománaí.

Mar mhalairt ar Gharda a bheith mar fhinné ar do shíniú agus do ghrianghraf, is féidir leat iarratas a dhéanamh go pearsanta ag oifig an ÚSB (a bhfuil a seoladh ag bun an leathanaigh seo). Sa chás seo, d'fhéadfadh duine d'fhoireann an ÚSB a bheith mar fhinné ar do shíniú agus do ghrianghraif.

Íocaíocht

Nuair a sheoltar iarratas tríd an bpost, tá táille €60 ar Chárta Tiománaí Tacagraif Dhigitigh. Comhlánaigh treoir íocaíochta an chárta chreidmheasa nó an chárta dhochair le do thoil (féach cuid 9 den fhoirm seo). **Ní ghilactar** le hairgead tirim, le horduithe poist, le seiceanna ná le dréacht bainc mar mhodh íocaíochta.

Is €45.00 an táille ar Chárta Tiománaí Tacagraif Dhigitigh nuair a dhéantar an t-iarratas ar líne. Má tá tuilleadh eolais uait faoi iarratas a dhéanamh ar líne, féach ar www.rsa.ie.

Próiseáil

Ní eiseofar admháil duit le haghaidh an iarratais seo, ach má éiríonn le d'iarratas, ba chóir go bhfaighidh tú do Chárta Tiománaí Tacagraif Dhigitigh taobh istigh de thrí nó ceithre seachtaine. Má tá d'iarratas neamhiomlán nó neamhbhailí, seolfar ar ais chugat é láithreach.

Cinntigh go gcuireann tú go leor ama ar leataobh le haghaidh phróiseáil d'iarratais, le do thoil. Tabhair faoi deara go ndéantar próiseáil níos tapúla ar iarratais ar líne.

Má dhéanann tú iarratas ar líne, gheobhaidh tú ríomhphost ag admháil go bhfuarthas an táille €45 agus deimhniú go bhfuil d'iarratas á phróiseáil.

Cosaint sonraí

Tabhair ar aird go bhfuil an fhaisnéis ar fad a éilítear ar an bhfoirm seo riachtanach d'fhonn d'iarratas ar chárta tacagraif dhigitigh a phróiseáil. Má fhágann tú aon cheann de na ceisteanna a leagtar amach sa bhfoirm iarratais gan freagairt, ní bheifear ábalta d'iarratas ar chárta a phróiseáil. Chun críocha d'iarratas a phróiseáil agus sin amháin a bhainfidh an RSA agus/nó soláthraithe seirbhíse an RSA na leas as na sonraí a leagtar amach i d'iarratas. Sa chás is go n-éireoidh le d'iarratas, bainfear leas as na sonraí sa phlé leanúnach a bheidh againn leat maidir le do chárta tacagraif dhigitigh. D'fhéadfaí leas a bhaint as do chuid sonraí freisin chun críocha staitistiúla. Baintear leas as na staitisticí seo ar bhealach nach féidir iarratasóirí aonair a aithint.

Déanfaidh an RSA do chuid sonraí a phróiseáil de réir na gceanglas atá air faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Áirítear air sin céimeanna réasúnacha (lena n-áirítear bearta slándála oiriúnacha teicniúla agus eagraíochta) chun sonraí pearsanta a chosaint.

Sa chás is go roghnaímid tríú páirtithe chun seirbhíse ar leith a sholáthar, féadfaidh an RSA sonraí pearsanta a nochtadh dá ghníomhairí, dá chonraitheoirí, agus do sholáthraithe seirbhíse a mhéid is go bhfuil gá le réasún leis chun na gcríoch a luaitear thuas. Sa chás is go mbaintear leas as soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, déantar sin de réir an dlí infheidhme agus glactar réamhchúram réasúnach maidir leis na cleachtais a chleachtann an soláthraí seirbhíse chun faisnéis phearsanta a chosaint.

Chomh maith le soláthraithe tríú páirtí, d'fhéadfaimis sonraí pearsanta a nochtadh don Gharda Síochána, d'Údarás Iompair Bóthair eile agus do Ghníomhaireachtaí Forfheidhmithe Iompair i mBallstáit eile AE nó i dtíortha AETR nuair a cheadaítear nó a éilítear sin faoin dlí.

Tá sé de cheart agat, faoi réir díolúintí ar leith, cóip de do shonraí pearsanta atá coinnithe ag an RSA fút a fháil agus aon ní atá míchruinn sna sonraí sin a cheartú. Más mian leat leas a bhaint as aon cheann de na cearta sin, déan teagmháil linn le do thoil ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Pléifear le d'iarraidh a luaithe agus is féidir agus ní bheidh níos faide ná 40 lá ón dáta a bhfaightear é.

D'fhéadfadh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre an fógra seo a nuashonrú ó am go chéile. Molaimid duit athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar an bhfógra le go mbeidh tú ar an eolas faoin mbealach a láimhseálaimid sonraí pearsanta a bhailímid i ndáil le hiarratas ar charta tacagraif dhigitigh.

Ceisteanna?

Má tá aon cheisteanna agat faoi chomhlánú na foirme seo, déan teagmháil leis an Údarás, le do thoil:

Fón: (091) 872600
Rphost: digitaltacho@rsa.ie
Suíomh: www.rsa.ie

Iarratas Comhlánaithe

Seol an t-iarratas comhlánaithe chuig:

An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
Teach Chluain Fearta
Sráid Bhríde, Baile Locha Riach
Co. na Gaillimhe.

Cuimhnigh ar na doiciméid bhainteacha go léir a chur faoi iamh (féach na Seicliostaí ar leathanach 1).

1. CINEÁL AN IARRATAIS

(Déan tic ✓ de réir mar is cuí, le do thoil)

- Iarratas céaduaire
- Cárta athsholáthair
- Cárta malartaithe
- Cárta athnuachana

An dáta a rachaidh an cárta atá agat
faoi láthair in éag:
(Tá sé seo ag pointe 4b de do Chárta Tiománaí)

Lá			Mí			Bliain			

2. SONRAÍ AN IARRATASÓRA

Sloinne			
Céadainm			
Seoladh faoi láthair			
Dáta breithe			
	Lá	Mí	Bliain
PPSN			
PPSN: Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí)			
Áit bhreithe (tír)			
Uimhir fóin i rith an lae			
Uimhir fón póca			
Seoladh ríomhphost			

Tá cead tugtha agam don ÚSB m'uumhir fón póca a úsáid le dul i dteagmháil liom.

tá
níl

3. SONRAÍ CEADÚNAS TIOMÁNA

Ceadúnas tiomána Éire Tír eile san AE

Uimhir ceadúnas tiomána
NÓ uimhir riaracháin ar
 an gceadúnas tiomána de
 chárta plaisteach

Tá sé seo ag pointe 5 de do cheadúnas tiomána **NÓ** ag pointe 4d ar an gceadúnas tiomána de chárta plaisteach s'agat

Tír eisiúna

Dáta éaga an cheadúnais

Lá Mí Bliain

4. SONRAÍ CÁRTAÍ TACAGRAIF DHIGITIGH EILE

Luaigh sa chuid seo cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon Chárta(i) Tacagraif Dhigitigh eile agat agus cuir sonraí ar fáil má tá.

Cárta
Tiománaí

tá níl

Údarás
Eisiúna

(An ÚSB nó Údarás de chuid Ballstáit eile)

Cárta(i)
Cuideachta

tá níl

Ainm na
Cuideachta

Cárta(i)
Ceardlainne

tá níl

Ainm
Ceardlainne

Cárta Rialaithe

tá níl

Údarás
Eisiúna

5. LE HAGHAIDH CÁRTA ATHSHOLÁTHAIR AMHÁIN

Comhlánaigh an chuid seo má tá Cáirtí Tiománaí Tacagraif Dhigitigh Éireannach agat cheana agus más mian leat do chárta a athsholáthar. Scríobh tic ✓, le do thoil, le lua cén fáth a bhfuil cárta athsholáthair de dhíth ort.

- | | |
|---|---|
| <input type="checkbox"/> Cailleadh an cárta a bhí agam roimhe seo – féach (A) thíos | <input type="checkbox"/> Goideadh an cárta a bhí agam roimhe seo – féach (A) thíos |
| <input type="checkbox"/> Rinneadh dochar don chárta atá agam cheana – féach (B) thíos ar leathanach 6 | <input type="checkbox"/> Coigistíodh an cárta a bhí agam cheana – féach (B) thíos ar leathanach 6 |
| <input type="checkbox"/> Bhí an cárta a bhí agam cheana ag mífeidhmiú – féach (B) thíos ar leathanach 6 | |

Stádas Fostaíochta: Tabhair do stádas fostaíochta le do thoil.

- Féinfhostaithe
- Fostaithe

Más fostaí tú, tabhair ainm agus seoladh d'fhostóra:


(A) Má chaill tú an cárta a bhí agat go dtí seo, nó má goideadh é, cuir na sonraí ar fáil thíos, le do thoil.

Sloinne	<input type="text"/>
Céadainm	<input type="text"/>
Uimhir ceadúnas tiomána NÓ uimhir riaracháin ar an gceadúnas tiomána de chárta plaisteach	<input type="text"/> Tá sé seo ag pointe 5 de do cheadúnas tiomána NÓ ag pointe 4d ar an gceadúnas tiomána de chárta plaisteach s'agat
An áit ar cailleadh nó ar goideadh é	<input type="text"/>
Ceantar	<input type="text"/>
An uair a cailleadh nó a goideadh é	<input type="text"/> Lá <input type="text"/> Mí <input type="text"/> Bliain
Cén uair dheiridh a d'úsáid tú an cárta (dáta garbh)?	<input type="text"/> Lá <input type="text"/> Mí <input type="text"/> Bliain
Tá an cailteanas seo taifeadta ag	<input type="text"/> Stáisiún Gardaí
Ainm an Gharda	<input type="text"/>
Síniú an Gharda	<input type="text"/>
Uimhir an Gharda	<input type="text"/>
Uimhir Thuairisc an Gharda	<input type="text"/>
Fón	<input type="text"/>
Dáta an tuairiscithe	<input type="text"/> Lá <input type="text"/> Mí <input type="text"/> Bliain

5. LE HAGHAIDH CÁRTA ATHSHOLÁTHAIR AMHÁIN, ar lean

(B) Má rinneadh dochar don chárta atá agat cheana nó má tá sé ag mífheidhmiú, cuir an cárta leis seo, le do thoil, agus cuir sonraí ar fáil thíos.

Má bhí an cárta a bhí agat cheana coigistithe ag údarás forfheidhmithe, luaigh an fáth ar coigistíodh é, le do thoil.



6. FINNÉ GARDA AR GHRIANGHRAF

Dearbhú Garda

Dearbhaím go bhfuil an grianghraf (a bhfuil m'ainm sínithe ar a chúl) atá curtha ar fáil leis an iarratas seo ina shamhail dhílis den iarratasóir a shínigh an dearbhú ag cuid 7 i mo láthair féin.

Dáta

Lá Mí Bliain

Ainm an Gharda

Síniú an Gharda

Céim

Uimhir an Gharda

Stáisiún Gardaí

Fón

Stampa an stáisiúin

7. DEARBHÚ

Tá mé ag cur iarratais isteach ar Chárta Tiománaí Tacagraif Dhigitigh leis seo agus dearbhaím go bhfuil an seoladh atá luaite i gCuid 2 thuas mar ghnáth-áit chónaithe agam agus go mbaineann na doiciméid liom. Tuigim nach bhfuil mé i dteideal tiomáint má dhícháilítear ó thiomáint mé nó má chúlghairtear mo cheadúnas tiomána ar chúis ar bith. Tuigim chomh maith go bhfuil cion á dhéanamh ag duine a fhaigheann nó a dhéanann iarracht Cáirta Tiománaí a fháil trí ráiteas calaíseach nó fabhtach, nó trí dhoiciméad brionnaithe a chur ar fáil agus d'fhéadfaí an duine sin a ionchúiseamh.

- Síniú i láthair Garda agus coinnigh do shíniú go huile is go hiomlán taobh istigh den bhosca bán •

Sínithe

- Scríobh le dúch dubh amháin •

Beidh an síniú seo curtha ar do chárta. Mura bhfuil síniú déanta agat go huile is go hiomlán taobh istigh den bhosca, seans go seolfar d'iarratas ar ais chugat.

Lá Mí Bliain

Cuir an Grianghraf anseo
Cúlra bán nó liath amháin
Fianaithe ag Garda agus a shíniú/
síniú ar a chúl

Cuimhnigh ar d'fhoirm iarratais a shíniú sa bhosca bán thuas, le do thoil.

8. LE HAGHAIDH CÁRTA MALARTAITHE AMHÁIN

Comhlánaigh an chuid seo má tá Cárta Tiománaí Tacagraif Dhigitigh bailí agat cheana agus más mian leat do chárta a mhalartú.

Tabhair faoi deara: Beidh ort teacht go dtí oifig an ÚSB i mBaile Locha Riacha, Co. na Gaillimhe, chun do chárta a mhalartú nuair a bheidh do chárta nua déanta. Ní mór an t-eolas ar an gCárta bunaidh Tiománaí a íoslódáil sular féidir malartú a dhéanamh. Mura n-íoslódálfar é, ní bheidh taifead agat ar do ghníomhaíochtaí tiomána, oibre agus sosa/scíthe roimhe seo, rud a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó oifigigh forfheidhmithe.

Sonraí an Chárta bhunaidh Tiománaí

Tír eisiúna																
Ainm an údaráis eisiúna																
Uimhir an Chárta Tiománaí																
Tá sé seo ag pointe 5b de do Chárta Tiománaí.																
An dáta a rachaidh an cárta atá agat faoi láthair in éag	Lá		Mí		Bliain		Tá sé seo ag pointe 4b de do Chárta Tiománaí.									

Déan tic ✓, le do thoil, le lua cén fáth ar mhaith leat do chárta a mhalartú.

- | | |
|--|---|
| <input type="checkbox"/> Athrú ainm | <input type="checkbox"/> Athrú grianghraif |
| <input type="checkbox"/> Athrú uimhir ceadúnas tiomána | <input type="checkbox"/> Malartaigh Cárta Tiománaí Tacagraif Dhigitigh ón iasacht ar Chárta Tiománaí Tacagraif Dhigitigh Éireannach |

9. ÍOCAÍOCHT

Ar smaoinigh tu ar iarratas a dhéanamh ar do chárta tiománaí ar line? Bealach slán é, beidh do chárta agat níos tapa, seolfar ríomhphost deimhnithe chugat agus sábháilfaidh tú €15 in aghaidh gach cárta. Féach ar www.rsa.ie chun sonraí iomlána a fháil.

Bain luach €60 ó mo chárta de chuid VISA/Mastercard/mo chárta dochair. **Ní ghlactar** le hairgead tirim, le horduithe poist, le seiceanna ná le dréacht bainc mar mhodh íocaíochta.

Ainm shealbhóir an chárta																
Uimhir an chárta																
Dáta éaga																
Uimhir CVV2				Uimhir 3 dhigit ar chúl an chárta												